An Tánaiste

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chainteanna atá ar siúl idir na páirtithe rialtais faoi phost Frances Fitzgerald. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh a bhfuil ar eolas agat faoin scéal leis an duine in aice leat.

Ceist 2 Gan féachaint ar an mír go fóill, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

general election _____
motion of no confidence _____
funeral _____
colleagues _____
lack of housing _____
apparently _____
Department of Justice _____
official apology _____
trust and distribution agreement _____

Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén fáth a bhfuil rún mímhuiníne sa Tánaiste ar chlár na Dála?
2. Cén fáth a raibh a lán polaiteoirí, an Taoiseach ina measc, ag sochraid Donal Creed?
3. Cad a bhí le rá ag an Taoiseach faoin scéal?
4. Cad a dúirt Fergus O'Dowd sa mhír?
5. Cad a thug Stephen Donnelly le fios?
6. Luadh cúpla réiteach ar an bhfadhb sa tuairisc. Cad iad?
7. Tháinig cor nua sa scéal ó craoladh an mhír. Cad é?

Ceist 4 ‘…a c**h**omhghleacaithe …’

A. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an sampla thuas?
B. Líon na bearnaí sna habairtí thíos. Bain úsáid as an tábla thíos chun cuidiú leat, más gá.

mo chat	m’aintín
do chat	d’aintín
a chat (his)	a aintín (his)
a cat (her)	a haintín (her)
ár gcat	ár n-aintín
bhur gcat	bhur n-aintín
a gcat	a n-aintín

1. Tá mo _____ (gluaisteán) sa gharáiste.
2. Tá a (their) _____ (teach) thall ansin.
3. Nach bhfuil a (her) _____ (uncail) ag teacht?
4. Is é Oliver a (his) _____ (col ceathrar).
5. Téann a (her) _____ (deirfiúr) ag snámh san fharraige gach tráthnóna.
6. Nach bhfuil droch-chuma ar ár _____ (cistin)?
7. Is breá liom do _____ (mála).
8. An bhfuil sibh ag ithe bhur _____ (dinnéir) faoi láthair?

Ceist 5 *‘…i Maigh Chromtha…’*

1. Cá bhfuil tú i do chónaí?
2. Cén áit ar rugadh tú?
3. Cén ait a bhfuil tú ar scoil?
4. An bhfuil an leagan Gaeilge de na háiteanna sin ar eolas agat? Mura bhfuil, féach ar an suíomh www.logainm.ie.
5. An dtuigeann tú brí na logainmneacha a luaigh tú?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An bhfuil post deacair ag polaiteoirí na tíre seo, dar leat? Cén fáth?
2. Cén fáth nach bhfuil Fine Gael agus Fianna Fáil ag iarraidh olltoghchán a bheith ann roimh an Nollaig?
3. An Taoiseach maith é Leo Varadkar?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2

general election	*olltoghchán*
motion of no confidence	*rún mímhuiníne*
funeral	*sochraid*
colleagues	*comhghleacaithe*
lack of housing	*easpa tithíochta*
apparently	*de réir dealraimh*
Department of Justice	*an Roinne Dlí agus Cirt*
official apology	*leithscéal oifigiúil*
trust and distribution agreement	*comhaontú muiníne agus soláthair*

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
A. An aidiacht shealbhach.
B.
Tá mo g**h**luaisteán sa gharáiste.
Tá a **d**teach thall ansin.
Nach bhfuil a **h**uncail ag teacht?
Is é Oliver a c**h**ol ceathrar.
Téann a deirfiúr ag snámh san fharraige gach tráthnóna.
Nach bhfuil droch-chuma ar ár **g**cistin?
Is breá liom do m**h**ála.
An bhfuil sibh ag ithe bhur **n**dinnéir faoi láthair?

Ceist 5
Ba cheart go mbeadh leagan Gaeilge na logainmneacha ag na foghlaimeoirí. Bíodh plé ginearálta sa rang freisin faoi chúlra na logainmneacha.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá cruinniú le bheith ag an Taoiseach, Leo Varadkar, agus ceannaire Fhianna Fáil, Micheál Martin, i mBaile Átha Cliath tráthnóna, le súil is olltoghchán a sheachaint roimh an Nollaig. Tá Fianna Fáil le rún mímhuiníne a chur sa Tánaiste, Frances Fitzgerald, rún atá le plé san oíche amárach. Deir Leo Varadkar nach bhfuil ceachtar páirtí, Fine Gael ná Fianna Fáil ag iarraidh olltoghcháin.

Sorcha Ní Riada
D'fhreastail na sluaite ar shochraid an Iar-Aire Stáit[1] agus Feisire Eorpach, Donal Creed, athair an Aire Talmhaíochta,[2] Michael Creed, i Maigh Chromtha inniu. Ina measc, bhí an Taoiseach, Leo Varadkar, a dhearbhaigh go mbeadh sé ag bualadh le ceannaire Fhianna Fáil, Micheál Martin, níos déanaí.

Dúirt sé leis, nach dteastaíonn olltoghchán ó Fhianna Fáil ná ó Fhine Gael, go bhfuil an chuma air gur Sinn Féin an t-aon dream atá á lorg san. Agus, mar sin go bhfuil siad ag iarraidh teacht ar shocrú a bheadh sásúil don dá pháirtí. Agus, tá a chomhghleacaithe i bhFine Gael ag seasamh le Frances Fitzgerald.

Fergus O'Dowd, TD
Níor chóir do Frances éirí as. Tá sé an-tábhachtach go mbeadh an rialtas ag díriú ar *Brexit*, ar easpa tithíochta agus rudaí mar sin. Seo an t-am[3] chun an obair sin a dhéanamh. Tá an *tribunal* ann chun na ceisteanna eile a fhreagairt agus de réir dealraimh beidh na cáipéisí go léir ag dul chuig na páirtithe sa Dáil agus an *tribunal* inniu, agus is féidir linn ceisteanna a phlé go luath i mí Eanáir.

Sorcha Ní Riada
San iarnóin thug an Teachta Dála, Stephen Donnelly, ó Fhianna Fáil le fios go mb'fhéidir go bhféadfaí iadsan a shásamh fiú mura n-éiríonn an Tánaiste as. Mar chuid de réiteach na bhfadhbanna, tá sé i gceist aon cháipéis eile a bhaineann leis an gceist seo ón Roinn Dlí agus Cirt a chur ar fáil do bhinse fiosruithe Charleton agus iad a fhoilsiú tráthnóna. Tádar[4] ag caint leis ar shocrú a dhéanamh le go n-imeodh an Tánaiste, Frances Fitzgerald, isteach sa Dáil, le leithscéal oifigiúil a ghabháil le Maurice McCabe agus leis an Dáil. Tádar ag caint leis ar an Roinn Dlí agus Cirt a scoilt ina dhá leath. Cé acu an leor é sin leis an gcomhaontú muiníne agus soláthair a choimeád sa tsiúl[5] nó nach leor, beidh le feiceáil.

[1] *an tIar-Aire* a dúradh
[2] *an tAire* a dúradh
[3] *an am* a dúradh
[4] *tá siad* an leagan caighdeánach
[5] *sa siúl* an leagan caighdeánach